# CAIBIDIL 7

## Acmhainní Nádúrtha

### 7.1. Réamhrá

7.1.1 Tá roinnt mhaith acmhainn nádúrtha ag an gcontae a chuireann le creatlach shóisialta agus eacnamaíoch an chontae. Áirítear anseo acmhainní uisce, an tionscal eastóscach, foraoiseacht, iascach agus fuinneamh athnuachan ina chuid foirmeacha éagsúla. Déileáiltear le hacmhainní uisce i gCaibidil 8 agus 11 den bplean seo. Go ginearálta bíonn na hacmhainní seo lonnaithe i gceantair tuaithe, ag soláthar fostaíochta agus ag cur le pobal tuaithe inbhuanaithe. Freastalóidh an fhorbairt leanúnach ar na hacmhainní seo chun geilleagar an chontae a éagsúlú agus a neartú.

7.1.2 D'fhéadfadh nádúr agus scála na forbartha agus na hoibríochta atá riachtanach chun na hacmhainní a chur chun cinn tionchair shuntasacha timpeallachta a bheith acu a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh d'earnálacha eacnamaíochta eile cosúil le turasóireacht agus áineas. Tá cosaint na timpeallachta ó dhroch-thionchair forbairtí mar sin rí-thábhachtach i bhforbairt pobail tuaithe inbhuanaithe agus caomhnú ar an dtuath.

7.1.3 Mar sin, chun pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha a chinntiú, tá gá le cur chuige oscailte le polasaithe oiriúnacha le haghaidh cosaint agus forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní seo, ag déanamh cinnte go gcoimeádtar na droch-thionchair timpeallachta bainteach le forbairt mar seo chomh híseal agus is féidir.

| Cuspóir Uimh. | Cuspóirí Straitéiseacha |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-1** | **Forbairt tionscail na hacmhinne daonna**<br>Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas eacnamaíoch agus forbartha na hacmhainní nádúrtha laistigh den chontae fad is a táthar in oiriúint le cuspóirí agus polasaithe an phlean forbartha seo. |
| **NR 7-2** | **Poitéinseal Fostaíochta**<br>Uasmhéadú a dhéanamh ar phoitéinseal fostaíochta na hacmhainní nádúrtha laistigh den chontae trí spreagadh a dhéanamh ar thionscail ghaolmhara. |
| **NR 7-3** | **Tionchair Timpeallachta**<br>Cinntiú go gcomhlíontar forbairt ar acmhainní nádúrtha i mbealach a laghdaíonn aon droch-éifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an dtimpeallacht agus ar an bpobal áitiúil. |

| | |
|---|---|
| **NR 7-4** | **Suíomh**<br>Cinntiú nach dtarlaíonn forbairt ar acmhainní nádúrtha i mbealach nó i gceantair áit a ndéanfaí damáiste do chonláistí an cheantair ó thaobh tionchair amhairc, éiceolaíochta, nó tionchair eile ón saghas sin oibre. |

## 7.2. Tionscal Eastóscach

7.2.1 Soláthraíonn an tionscal eastóscach amhábhair riachtanacha don tionscal foirgníochta chomh maith le fostaíocht agus fás eacnamaíocht sa gheilleagar áitiúil agus réigiúnach a chur ar fáil. Bíonn cúltaiscí de ábhar oiriúnach críochta agus caithfidh eastóscadh tarlú san áit ina bhfaightear na cúltaiscí.

7.2.2 Tá sé fíor chomh maith, áfach, gur féidir le heastóscadh mianaigh tionchar suntasach a bheith aige ar an dtimpeallacht. Go tipiciúil áirítear anseo gineadh tráchta, creathadh, torann, deannach, truailliú uisce, ionsá amhairc, agus caillteanas ar sholáthar screamhuisce.

7.2.3 Mar sin, tá gá ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe le cur chuige oscailte le polasaithe oiriúnacha le haghaidh cúltaiscí mianraigh agus comhiomláin riachtanacha a fhorbairt, fad is go bhfuiltear ag cinntiú go gcoimeádtar tionchair timpeallachta bainteach le heastócadh mianaigh chomh híseal agus is féidir.

| Cuspóir Uimh. | Cuspóirí Eastóscacha Ginearálta |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-5** | **Soláthar na mbailiúchán**<br>Éascú a dhéanamh ar fhorbairt an tionscail eastóscaigh agus cinntiú infhaighteacht leanúnach de sholáthar de chomhbhailiúcháin don tionscal foirgníochta a lorg. |
| **NR 7-6** | **Tionchair Timpeallachta**<br>Íoslaghdú a dhéanamh ar na droch-thionchair ar an dtimpeallacht agus ar an bpobal áitiúil a thagann ó eastóscadh comhbhailiúcháin, próiseáil, seachadadh agus táirgeadh coincréite atá bainteach. |
| **NR 7-7** | **Suíomh**<br>Cinntiú nach dtarlaíonn cairéalacht agus mianadóireacht i gceantair áit a d'fhéadfadh tionchair amhairc nó tionchair eile damáiste a dhéanamh do chonláistí an cheantair nó go gcúiseofaí droch-thionchair shuntasacha ar ghréasáin bóithre sa cheantar. |

| | |
|---|---|
| **NR 7-8** | **Eastóscadh**<br>Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt eastóscadh comhbhailiúcháin i gceantair imeallacha an Chontae. |

*Clár na gCairéal*

7.2.4 Tá Comhairle Contae Chiarraí tar éis an próiseas cláraithe do chairéil a chomhlíonadh de réir Rannóg 261 den tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000. Chuir an phróiseas seo go mór le rialúchán agus feidhmiúchán cairéil ar fud an Chontae, fad is atá siad ag laghdú tionchair timpeallachta.

7.2.5 Cé go bhfuil sé ar intinn ag an gComhairle éascú a dhéanamh ar fhorbairt an tionscal eastóscaigh, caithfear ceantair áirithe agus a dtírdhreacha ar fud an Chontae a chosaint, mar gheall ar a nádúir íogair don luach conláiste atá acu.

| Cuspóir Uimh. | Criosú |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-9** | **Caomhnú tírdhreacha**<br>Cinntiú nach gceadófar forbairt le haghaidh eastóscadh comhbhailiúcháin / mianraigh, próiseáil agus táirgeadh coincréite gaolmhar go ginearálta i bPríomh-Limistéir Taitneamhachta Speisialta nó i dtírdhreacha oscailte nó íogair. |
| **NR 7-10** | **Déantúsaíocht na dtáirgí bailiúcháin**<br>Éascú a dhéanamh ar dhéantúsaíocht táirgí bunaithe ar bhailiúchán, cosúil le bloic choincréite, coincréit réamhtheilgthe s.rl., ag an bhfoinse bailiúcháin i gcásanna nach mbeidh droch-thionchar timpeallachta nó cónaithe ag an bpróiseas déantúsaíochta. |

*Eastóscadh ón gCladach*

7.2.6 D'fhéadfadh eastóscadh ar ábhair ón gcladach, tránna, dumhcha agus cúrsaí uisce droch-thionchair shuntasacha a bheith acu ar an dtimpeallacht. D'fhéadfadh sé an éiceachóras sa cheantar a athrú agus i gcásanna áirithe tús a chuir le nó cuir le creimeadh. Mar sin, déanfaidh an Chomhairle iarracht cosc a chuir le heastóscadh den nádúr sin.

| Cuspóir Uimh. | Cosaint an Chladaigh |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-11** | **Eastóscadh ón gcladach agus sruthchúrsaí uisce**<br>Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle a cuid cumhachtaí a úsáid chun cosc a chuir le heastóscadh ábhair ón gcladach agus ó chúrsaí uisce. |

## 7.3. Foraoiseacht

7.3.1 Is acmhainn inathnuaite tábhachtach í foraoiseacht le ról mór i bhforbairt tuaithe inbhuanaitheach. Tá níos mó ná 1,300 duine aonair ag fáil tacaíochtaí foraoiseachta feirme sa Chontae. Sa bhreis ar na buntáistí díreacha ó phlandú, i dtéarmaí barra luachmhara agus fostaíocht, tá tionchar tábhachtach ag foraoiseacht ar gheilleagair tuaithe trí fhorbairt ar thionscail ghaolmhara, fuinneamh inbhuanaithe táirgthe go háitiúil agus deiseanna turasóireachta tuaithe. Tugann an Stát tacaíocht do fhorbairt ar an earnáil foraoiseachta trí roinnt scéimeanna agus tionscnaimh deontais.

7.3.2 Tá leathnú ar fhoraoiseacht mar chuspóir Náisiúnta chomh maith. I gCiarraí, déanann foraoisí suas 11.5% den talún faoi láthair. Tá sé mar aidhm ag an bplean straitéiseach le haghaidh forbairt ar an earnáil fhoraoiseachta *Growing for the Future* a d'fhoilsigh an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha i 1996 an eastáit foraoiseachta náisiúnta a mhéadú ó 9% go 17% de chumhdach talún. Soláthróidh an sprioc-mhéid don earnáil an mais chriticiúil atá riachtanach chun tacaíocht a thabhairt don réimse tionscail próiseála atá bainteach, agus earnálacha gaolmhara, a sholáthraíonn an-cuid den saibhreas agus den bhfostaíocht ginte ag foraoiseacht.

7.3.3 Aithníonn an Chomhairle, áfach, gur féidir le foraoisiú tionchair neamh-fhabhracha a bheith aige muna bhfuil sé suite go hoiriúnach agus ar scála agus de réir dearaidh atá comhbhraiteach do nádúr fisiceach an tírdhreacha. Spreagfaidh an Chomhairle, i gcomhar leis an tSeirbhís Foraoiseachta forbairt agus fairsingiú ar fhoraoiseacht, ach i mbealach atá comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta.

| Cuspóir Uimh. | Foraoiseacht Ghinearálta |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-12** | Spreagadh ar fhorbairt na bhforbairtí foraoiseachta inbhuanaithe ar fud an Chontae. |
| **NR 7-13** | Tacaíocht a thabhairt do leathnú agus éagsúlú leanúnach na hearnála foraoiseachta, i mbealach a uasmhéadaíonn a ranníocaíocht go leas sóisialta agus eacnamaíoch an chontae ar bhonn inbhuanaitheach, atá comhoiriúnach le cosaint agus feabhsú ar thimpeallacht agus oidhreacht Chontae Chiarraí. |

| | |
|---|---|
| **NR 7-14** | Cinntiú go gcoimeádtar éagsúlacht agus carachtar na tuaithe. |
| **NR 7-15** | Spreagadh a thabhairt do úsáid foraoisí le haghaidh adhmad, fuinneamh, áineas agus turasóireacht agus forbairt ar ghnóthaí agus fiontair gaolta ag leibhéal áitiúil. |
| **NR 7-16** | Cinntiú go gcosnaítear agus go spreagtar na coillearnaí dúchasacha luachmhara atá fágtha sa chontae trí phleanáil chuí agus bearta forbartha a úsáid. |

*Suíomh*

7.3.4 Tá an tSeirbhís Foraoiseachta ag ullmhú *Indicative Forestry Strategy* a aithneoidh ceantair sa chontae atá oiriúnach le haghaidh foraoiseacht, ag tabhairt aird ar cheantair íogair le conláiste ard, radhairc liostaithe, láithreáin seandálaíochta agus Ceantair Oidhreachta Nádúrtha. Tabharfaidh an straitéis aird ar an tionchar ar chaighdeán uisce, portaigh, fiadhúlra, áitribh faoin tuath agus an riachtanas atá ann le haghaidh forbairt inbhuanaithe go ginearálta. Comhoibreoidh an Chomhairle leis an tSeirbhís Foraoiseachta in ullmhú na straitéise agus in aithint a dhéanamh ar shuímh inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.

Ina ról comhairliúcháin, tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do fheidhmiú agus do níos mó forbartha ar dhea-chleachtas foraoiseachta, mar atá sainmhínithe i bhfoilseachán an tSeirbhís Foraoiseachta 'Forest Service Guidelines and the Code of Best Forest Practice' do gach fhorbairt agus oibríocht foraoiseachta. Ba cheart breathnú ar na pointí seo a leanas maidir le forbairtí foraoiseachta molta:

1. Ba cheart do fhorbairtí foraoiseachta an deá-chleachtas reatha a leanúint agus Treoirlínte Foraoiseachta agus Tírdhreacha na Seirbhíse Foraoiseachta (Iúil 2000). Ba cheart do chuspóirí tírdhreacha foraoiseachta díriú ar chomhoiriúnacht le, agus feabhsú ar, charachtar tírdhreacha áitiúil eiseach. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag plandáil cois bóthair feabhas agus comhlánú a dhéanamh ar chonláistí amhairc eisigh, gan radhairc agus ionchais bactha, ach go háirithe i gceantair íogair le conláiste ard.

2. Ba cheart tionscadail fhoraoisithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i mbealach a chuirfidh feabhas ar chonláistí áitiúla eisigh.

3. Ba cheart aon droch-thionchair ó fhoraoisiú ar uisce-chúrsaí agus foinsí soláthair uisce a chosc.

4. Ba cheart do úinéirí foraoiseachta straitéis um chosaint ó thine foraoise a ullmhú agus a chothabháil, lena n-áirítear soláthar agus cothabháil ar a dhóthain tóitbhearnaí sainithe, taiscumair le soláthar uisce agus rochtain ar an bhforaois. Ba cheart pleananna tine a ullmhú le haghaidh gach foraois agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn bliaintiúil.

| Cuspóir Uimh. | Straitéis Fhoraoiseachta Táscach |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-17** | **Suíomh**<br>Tá mar chuspóir de chuid na Comhairle comhoibriú leis an tSeirbhís Foraoiseachta, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in ullmhú a dhéanamh ar an Straitéis Fhoraoiseachta Táscach don Chontae. |

*Measúnú na nIarratas*

7.3.5 Faoi na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt 2001, tá tús an fhoraoisiú, suas le 50 heicteár, díolmhaithe. Mar sin, ní bhíonn an chuid is mó de fhorbairtí foraoisithe faoi rialúchán an Chomhairle. Tá siad faoi réir faofa an tSeirbhís Foraoiseachta, áfach, agus i gcás tionscadail le cúnamh deontais, de 25 heicteár nó níos mó, caithfear dul i dteagmháil leis an gComhairle. I gcás forbairtí foraoiseachta a bhfuil gá acu le cead pleanála nó i gcásanna a mbítear i dteagmháil leis an gComhairle, beidh aird ag an gComhairle ar an méid seo a leanas:

- *A Strategic Plan for the Development of the Forestry Sector in Ireland*, foilsithe ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha
- *The National Sustainable Forestry Plan*, foilsithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta.
- *The Development Guidelines of the Forestry Services* foilsithe ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha.
- I measúnú a dhéanamh ar thionchar amhairc na moltaí beidh aird ar leith ag an údarás pleanála ar Threoirlínte Tírdhreacha na Seirbhísí Foraoiseachta. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte seo caidreamh dearfach a chinntiú idir an fhoraois agus carachtar tírdhreach ar leith, chun maolú a dhéanamh ar choimhlint amhairc, agus an carachtar agus éagsúlacht eiseach a choimeád.
- Moltaí de chuid Bhoird Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt, Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne, Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt agus Rannóg Comhshaoil an Chomhairle.
- Na forálacha de chuid Plean Forbartha an Chontae

| Cuspóir Uimh. | Treoirlínte Forbartha |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-18** | **Treoirlínte Forbartha**<br>Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle aird a thabhairt ar na foilseacháin liostaithe thuas, moltaí ó chomhlachtaí ábhartha agus an Straitéis Foraoiseachta sa todhchaí, i measúnú ar mholtaí foraoisithe. |

*Úinéirí Talún In Aice Láimhe*

7.3.6 Is féidir le foraoisiú tionchar a bheith aige ar chonláiste cónaitheach úinéirí talún in aice láimhe agus droch-thionchar a bheith aige ar chothabháil bóithre poiblí.

| Cuspóir Uimh. | |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-19** | **Conláiste Cónaitheach / Bóithre Poiblí**<br>Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle iarracht a dhéanamh cinntiú nach<br>lonnaítear foraoisiú i mbealach a mbeadh droch-thionchar aige ar chonláistí úinéirí talún in aice láimhe nó droch-thionchar a bheith aige ar chothabháil an bhóthair phoiblí. |

*Rochtain Áineasa*

7.3.7 Aithníonn an chomhairle buntáistí turasóireachta agus áineasa ceantair foraoiseachta agus déanfar iarracht bainistiú inbhuanaithe ar thailte foraoiseachta a spreagadh ar chúinsí áineasa agus turasóireachta.

| Cuspóir Uimh. | Rochtain Áineasa |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-20** | **Rochtain**<br>Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt ar pháirceanna foraoise, ceantair amhairc, láithreáin páirceála agus conláistí eile bainteach le turasóireacht laistigh de cheantair foraoisithe. Tá sé mar chuspóir chomh maith comhoibriú leis na comhlachtaí rialtais agus reachtúla ábhartha agus iad á bhunú. |

## 7.4. Fuinneamh Inathnuaite

7.4.1 Tá spreagadh ar fhuinneamh in-athnuaite ar fud an chontae tábhachtach ar chúiseanna eacnamaíocha agus comhshaoil araon. In oiriúint le prótacal Kyoto agus forálacha 'Burden Sharing Agreement' idir ballstáit an AE, tá sé mar aidhm ag Éire astuithe Gáis Cheaptha Teasa a shrianadh go 13% thar leibhéil 1990 sa tréimhse 2008-2012.

Tá gá ag I.R.. 666 (2006) le Teastas Grádaithe Fuinnimh do Fhoirgnimh do gach teach nua, fad is go gcaithfidh aon fhoirgneamh nua atá níos mó ná 1,000m2 cinntiú go mbreathnaítear ar fhéidearthacht eacnamaíoch, comhshaoil agus teicniúil córais fuinnimh in-athnuaite ailtéarnacha a shuiteáil agus go gcaithfear úsáidí córais mar sin a thógáil san áireamh, chomh fada is atá sé infheidhmithe i ndearadh an fhoirgnimh.

7.4.2 Ó thaobh na comhshaoil de, ní scaoileann gabháil acmhainní in-athnuaite le haghaidh táirge fuinnimh aon gháis cheaptha teasa díobhálacha, laghdaítear truailliú aeir go háitiúil agus ní tháirgtear ach méid an-beag fuíll nó b'fhéidir aon fhuíoll in aon chorr. Go heacnamaíoch, tiocfaidh infheistíocht isteach i dtéarmaí tógáil, oibriúchán agus cothabháil as. Tá sé ina hacmhainn nádúrtha dúchasach chomh maith a théann in áit breoslaí iontaise iompórtáilte, mar sin ag laghdú billí breosla náisiúnta. Cuireann sé slándáil ar sholáthar fuinnimh ar fáil agus déantar laghdú ar an gcumas le haghaidh tionchair eacnamaíocha dáiríre mar gheall ar fhachtóirí seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar phraghsanna fuinnimh. Sa bhreis d'fhéadfadh fuinneamh in-athnuaite cuir le gineadh fostaíochta go díreach sa tionscal in-athnuaite nó go hindíreach sa tionscal soláthair. Déanann úsáid fuinneamh in-athnuaite díchúpláil ar fhás eacnamaíoch ó thruailliú comhshaoil.

7.4.3 Tagann fuinneamh in-athnuaite ó fhoinsí nádúrtha, neamh-ídithe cosúil leis an ghrian (gréine), an ghaoth, uisce ag titim (hidrea), aigéin (tonn), plandaí (bithmhais agus bithbhreoslaí) agus an talamh (teaschaidéil gheoiteirmeacha). Is féidir fuinneamh in-athnuaite a dhíorthú ó réimse de tháirgí fuíll lena n-áirítear séarachas sloda, dramhaíl sholadach bardais agus fuíoll talmhaíochta.

7.4.4 Tá Éire, agus Ciarraí ach go háirithe, suite go maith chun forbairt ó agus tairbhe a bhaint as fuinneamh in-athnuaite. Tá ceann de na hacmhainní fuinnimh gaoithe is fearr san Eoraip ag Éire, agus aeráid mhéadaitheach le haghaidh bithmhais, agus clíoma iontach le haghaidh roinnt teicneolaíochtaí grianfhuinnimh. Aithníonn an Chomhairle na tairbhí suntasacha comhshaoil agus eacnamaíocha bainteach le táirge fuinnimh ó acmhainní in-athnuaite.

| Cuspóir Uimh. | Fuinneamh Inathnuaite Ginearálta |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-21** | **Éascú an fhuinnimh inathnuaite**<br>Uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht agus spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt tionscadail fhuinnimh in-athnuaite oiriúnacha ar fud an Chontae fad is atá aird chuí á thabhairt don riachtanas atá ann an comhshaol a chosaint agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an chontae a chinntiú. |
| **NR7-22** | **Úsáid na teicneolaíochtaí micrea-inathnuaite:**<br>Éascú agus spreagadh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí micrea-inathnuaite, áit is cuí, trí an próiseas iarratais phleanála. |
| **NR7-23** | **Bonneagar um éascú fuinnimh tonnta**<br>Spreagadh a dhéanamh ar úsáid fuinnimh tonnta trí éascú a dhéanamh ar an mbonneagar cuí le haghaidh a gabháil agus úsáid. |
| **NR 7-24** | **Timpeallacht Tógtha**<br>Tacaíocht a thabhairt do chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus dearadh inbhuanaithe isteach sa timpeallacht tógtha. |

*Fuinneamh Gaoithe*

7.4.5 Ag tabhairt san áireamh na tairbhí timpeallachta agus eacnamaíocha bainteach le leictreachas ginte ag an ngaoth, tá sé ar intinn ag an gComhairle héascú a dhéanamh ar fhorbairt ar an acmhainn fuinnimh gaoithe nádúrtha atá ar fáil, fad is atá aird cheart á thabhairt ar a dhualgais reachtaíochta cinntiú go bhfuil pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe i bhfeidhm sa chontae.

7.4.6 Le haghaidh scála, toirt agus tionchar amhairc forbairtí gaoithe tá gá le polasaí straitéise do shuíomh an fhorbairt gaoithe ach go háirithe. Aithníonn an plean suímh le haghaidh forbairtí gaoithe a bheadh roghnaithe, oscailte le haghaidh breathnaithe nó mí-oiriúnach do fhorbairt gaoithe, faoi réir cúrsaí le háireamh sa phleanáil ag braith ar an tsuímh. Léirítear criosanna imscartha gaoithe don Chontae ar **Léarscáil 7.1**. Ní leagann an straitéis forbartha gaoithe agus a pholasaithe síos fasach, áfach, nó ní chomhréitítear forbairtí um pholasaithe rialaitheora eisigh maidir le cineálacha eile forbartha.

*Limistéir Straitéiseacha*

7.4.7 Sainmhínítear ceantair straitéiseacha mar cheantair a mheastar atá oiriúnach le haghaidh forbairt feirmeacha gaoithe. Ba cheart an chatagóir seo a chuir i bhfeidhm do cheantair inúsáidte

i. ceantair le luasanna gaoithe atá inmharthana go heacnamaíoch agus ábalta an fhorbairt ghaoithe a ionsú. Níl sé ar intinn aon talamh a shainiú mar cheantair straitéiseacha sa phlean. Cuireadh na hainmniúcháin seo a leanas san áireamh.

*Limistéir Roghnacha*

7.4.8 Is ceantair iad seo atá oiriúnach le haghaidh forbairt feirmeacha gaoithe agus breathnófar go fabhrach ar chead pleanála a bhronnadh muna measann cúinsí pleanála áitiúla ar leith laistigh de chomhthéacs an phlean forbartha a mhalairt. Cuirtear an chatagóir seo i bhfeidhm i gceantair leis an íogaireacht is lú i leith forbairt ghaoithe.

*Ceantair Oscailte le haghaidh Breathnaithe*

7.4.9 Déileálfar le hiarratais sna ceantair seo ar a dtuillteanais féir leis an dualgas ar an bhforbróir an fáth inar cheart cead a bhronnadh ar an bhforbairt a léiriú. Cuireadh an chatagóir i bhfeidhm i gceantair le cumas áirithe forbairt ghaoithe a ionsú ach atá íogair go leor go bhfuil gá le measúnú ó shuíomh go suíomh a lorg chun oiriúnacht an cheantair a mheasúnú ó thaobh forbartha de.

*Limistéir Mí-oiriúnach d'Fhorbairt*

7.4.10 Is ceantair iad seo a aithníodh mar cheantair ar leith atá mí-oiriúnach le haghaidh forbairt ar fheirmeacha gaoithe. Cuimsíonn siad ceantair nach féidir leo freastal ar fhorbairt ghaoithe mar gheall ar a luachanna radharcra, éiceolaíochta, stairiúla nó turasóireachta.

## *Srianta Tírdhreacha agus Timpeallachta*

7.4.11 Ag tabhairt san áireamh nádúr feirmeacha gaoithe, is ceantair iad seo ar féidir a aithint mar cheantair nach bhfuil oiriúnach le haghaidh forbairt ghaoithe, ar an mbonn go bhfuil coimhlint eatarthu agus úsáidí talamh agus polasaithe pleanála eisigh, agus mar sin nach gcuirtear san áireamh iad le haghaidh breathnaithe. Imlínítear na ceantair seo agus na criosanna eisiatachta i dTábla 7.1.

**Tábla 7.1**
**Criosanna Eisiatacha**

| LIMISTÉAR EISIATACH | FAD EISIATACH (M) |
|---|---|
| **Bailte, Sráidbhailte** | 1000 |
| **Príomhbhóithre Náisiúnta** | Moladh an N.R.A. |
| **Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta** | Moladh an N.R.A. |
| **Cáblaí ardvoltais** | 100 |
| **Crios cosanta aerfoirt** | 6000 |
| **Lochanna > 6 Ha** | 2000 |
| **Limistéir taitneamhachta speisialta príomha** | Limistéir Mí-oiriúnach d'Fhorbairt |

7.4.12 Imlínítear polasaithe agus caighdeáin bainistíochta forbartha bainteach leis an dearadh, leagan amach agus forbairt choimhdeach ar fheirmeacha gaoithe i gcaibidil 13. Tugann an

straitéis treoir ar obair athchóirithe, toibhigh agus bannaí chun cinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh le coinníollacha pleanála. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar gach iarratas ó thaobh comhlíonadh leis an straitéis.

7.4.13 Déanfar éascú ar mholtaí le haghaidh suiteáil crainn taca tomhais tríd cheadanna pleanála sealadacha a bhronnadh. Má bhíonn forchoimeádas láidir ag an gcomhairle i leith oiriúnacht an tsuímh le haghaidh tuirbín gaoithe ar bhonn an straitéis um fhorbairt ghaoithe, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas dá réir sin.

| Cuspóir Uimh. | Forbairt Ghaoithe |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-25** | **Suíomh**<br>Cinntiú go bhforbraítear na feirmeacha gaoithe de réir na criosanna imscartha gaoithe léirithe ar **Léarscáil 7.1.** forálacha Tábla 7.1 agus na caighdeáin bainistíochta forbartha imlínithe i gCaibidil 13. Laistigh de na criosanna eisiatachta timpeall ar ionaid uirbeacha, is féidir foráil a dhéanamh do thuirbíní aonair ag déanamh seirbhísiú ar áiseanna teicniúla nó institiúide áit is féidir a léiriú nach mbeadh tionchar acu ar chonláiste cónaitheach. |
| **NR7-26** | **Fuinneamh gaoithe – féin soláthair**<br>Éascú a dhéanamh ar thuirbíní gaoithe singil nó dúbailte i suímh tionscail/tráchtála féin soláthair oiriúnacha. |
| **NR 7-27** | **Línte cumhachta**<br>Cinntiú go gcaithfear línte cumhachta a cheanglaíonn feirmeacha gaoithe go dtí an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh i gcás tírdhreacha íogair. |

*Hidrea-Fhuinneamh*

7.4.14 Beidh gá le Measúnú Tionchar Comhshaoil le gach iarratas le haghaidh suiteáil monarcha hidrea-leictreach áit a bhuailtear leis na tairseacha leagtha amach i Sceideal 5 Cuid 2 (h) de na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt 2001. Beidh Ráiteas Tionchar Comhshaoil mar thionlacan ar an iarratais áit a mheasann an Chomhairle go bhfuil an chineál tionchair atá ar an timpeallacht sa chuí is go bhfuil gá le EIA.

7.4.15 I gcás hidrea-suiteálacha le haghaidh táirge leictreachais, ba cheart do iarratais phleanála moltaí a léiriú do na línte cumhachta a cheanglóidh an suiteáil leis an eangach. I dtírdhreacha íogair, d'fhéadfaí go mbeadh gá línte cumhachta molta a cheanglaíonn an aonad hidrea leis an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh. Toisc go bhféadfaí go mbeadh impleachtaí airgeadais dáiríre aige seo don bhforbairt, ba cheart do fhorbróirí dul i gcomhairle leis an tÚdarás Pleanála sula gcuirtear isteach iarratas.

7.4.16 Freastalóidh moltaí le haghaidh suiteálacha hidrea-fhuinnimh do thardhul saor na n-iasc. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar mholtaí Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt, Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne agus/nó Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt, mar is cuí, agus iad ag déanamh measúnú ar thograí.

7.4.17 Sa bhreis ar seo, dearfar hidrea-scéimeanna chun tírdhreachú ar bhallaí dambaí agus ar bhonneagar coimhdeach a cheadú, agus íoslaghdú a dhéanamh ar astuithe torainn.

| Cuspóir Uimh. | Nascadh agus Dearadh Eangaí |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-28** | **Línte cumhachta**<br>Cinntiú go gcaithfear línte cumhachta a cheanglaíonn scéimeanna hidrea-leictreacha leis an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh i gcás tírdhreacha íogair. |
| **NR 7-29** | **Dearadh**<br>Cinntiú go ndeartar hidrea-scéimeanna chun tírdhreachú ar bhallaí dambaí agus ar bhonneagar coimhdeach a cheadú agus íoslaghdú a dhéanamh ar astuithe torainn. |
| **NR7-30** | **Córais Hidrea-Taiscthe Caidéalaithe:**<br>Córais hidrea-taiscthe caidéalaithe a spreagadh agus a éascú le haghaidh gineadh leictreachais i rith na tréimhsí buaic-riachtanais. |

*Fuinneamh na Gréine*

7.4.18 Tá an cumas ag fuinneamh na gréine cuir go mór le táirge fuinnimh. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do fhorbairt ar fhuinneamh na gréine sa timpeallacht tógtha.

| Cuspóir Uimh. | Forbairt Ghréine |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-31** | **Prionsabail Dearaidh**<br>Iarratasóirí ar chead pleanála a spreagadh chun breathnú ar phrionsabail dearaidh gréine fhulangach agus iad ag dearadh foirgneamh aonair nó eastáit tithíochta. |

| | |
|---|---|
| **NR 7-32** | **Lonnú**<br>Breathnú ar phríomh-cheisteanna bainteach le lonnú cosúil le treoshuíomh, doiléiriú agus foscadh ón ngaoth le haghaidh uasmhéadú ar fheidhmiú gréine fhulangach nuair atá iarratais phleanála á mheasúnú do fhoirgnimh cónaitheacha agus tráchtála/institiúide. |
| **NR 7-33** | **Bailitheoirí Gréine**<br>Tacaíocht a thabhairt do shuiteáil bhailitheoirí gréine le haghaidh táirge teasa nó leictreachais i bhfoirgnimh chónaitheacha nó tráchtála. |
| **NR 7-34** | **Línte cumhachta**<br>Cinntiú go gcaithfear línte cumhachta a cheanglaíonn scéimeanna fuinnimh gréine leis an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh i gcás tírdhreacha íogair. |

*Bithmhais*

7.4.19 Cuimsíonn bithmhais réimse breoslaí agus teicneolaíochtaí úsáidte i dtáirge fuinnimh in-athnuaite. Déanann bithmhais tagairt do fhásra talamh agus uisce-bhunaithe, dramhaíl orgánach agus orgánaigh fhótaisintéiseacha. Tá acmhainní in-athnuaite carbóin neamh-iontaise ann ónar féidir fuinneamh a tháirge agus a úsáid mar ionadaithe le haghaidh breoslaí iontaise. Áiríonn samplaí de bhithmhais: adhmad, féara (msh. miscanthus), barraí, dramhaíl talmhaíochta agus chathrach. Is féidir bithmhais a dhó chun teas a tháirge a úsáidtear ansin chun gal a chruthú chun tuirbíní a chasadh agus leictreachas a tháirge. Mar sin, is féidir le fuinneamh ó bhithmhais leictreachas agus / nó teas a tháirgeadh. Is féidir bithbhreoslaí leachta a dhíorthú ó bharraí bithmhaise cosúil le ráibe síl ola chomh maith.

7.4.20 Ta acmhainneacht suntasach in Éirinn le haghaidh forbairt bhithmhaise. Tá an aeráid fáis is fearr san Eoraip ag Éire, suas le 3 h-uaire an méid atá san Fhionlainn áit atá úsáid fuinnimh ó bhithmhais ag 18%. Cé go bhfuil an tionscal bithmhaise ar scála measartha, beidh méadú ar iarratais le haghaidh suiteáil bithmhaise mar thoradh ar ráta fáis, dul chun cinn sa teicneolaíocht agus srianta níos teanna ar bhainistiú dramhaíola in Éirinn.

I gCiarraí, meastar go bhféadfadh an t-acmhainneacht ag foraoiseacht suas le 10% de riachtanais fuinnimh an Chontae a sholáthar má dhéantar uasmhéadú ar na hacmhainní atá ar fáil.

7.4.21 Caithfear Measúnú Tionchar Comhshaoil a chomhlíonadh nuair atá gá leo de réir na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfaí go mbeadh gá ag an gComhairle le haighneacht EIS le hiarratais phleanála i gcásanna nach mbíonn méid an fhorbairt níos mó ná na riachtanais tairsigh reachtúla ach measann an Chomhairle go mbarántaíonn na tionchair timpeallachta féideartha EIA.

7.4.22 I gcás suiteáil Bithmhaise le haghaidh táirge leictreachais, ba cheart do iarratais phleanála moltaí le haghaidh na línte cumhachta a cheanglóidh an suiteáil leis an eangach a léiriú. I dtírdhreacha íogair, d'fhéadfaí go mbeadh gá línte cumhachta a cheanglaíonn an aonad bithmhaise leis an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh. Toisc go bhféadfadh sé seo

impleachtaí móra a bheith aige ar an bhforbairt, ba cheart do fhorbróirí dul i gcomhairle leis an tÚdarás Pleanála sula gcuireann siad iarratas isteach.

| Cuspóir Uimh. | Nascadh / Suíomh Eangaí |
|---|---|
| | Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle: |
| **NR 7-35** | **Forbairt**<br>Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadail a aistríonn bithmhais go fuinneamh. |
| **NR 7-36** | **Suíomh**<br>Suiteálacha bithmhaise a lonnú i gceantair nach mbíonn tionchar acu ar chonláiste cónaitheach nó amhairc agus le bóithre poiblí ag freastal orthu le go leor féidearthachta sruthanna tráchta méadaithe a ionsú. |
| **NR 7-37** | **Línte cumhachta**<br>Cinntiú go gcaithfear línte cumhachta a cheanglaíonn scéimeanna bithmhaise leis an eangach náisiúnta a leagan faoin talamh i gcás tírdhreacha íogair. |